


**Bileog 8.1**

Ag obair leis an duine in aice leat freagraí na ceistanna seo thíos. Féachai gí ar an sampla le cuidiú libh.

An Fhrainc    Francach    Bia Francach



Cén Ghaeilge atá ar na tíortha seo ar chlé?

Cad a thugann tú ar dhuine ó na tíortha seo?

Cén Ghaeilge atá ar *French food, Italian food* srl.?



Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an ‘f’ sa sampla seo:  
*bialann Fhrancach*



**Bialann Fhrancach:**  
Cad iad na bialanna éagsúla eile atá le fáil in Éirinn?

(a) Féach ar an bhosca seo thíos. Scríobh an stíl bia faoin abairt is fearr a léiríonn do thuairim faoin mbia áirithe sin. Mar shampla: Mura dtaitníonn bia Iodálach leat scríobh *bia Iodálach* sa bhosca faoi *Ní maith liom*. Scríobh ar a laghad cineál bia amháin faoi gach tuairim.

Is fuath liom	Ní maith liom	Is maith liom	Is breá liom

(b) Labhair le gach duine eile sa rang anois agus cuir an cheist seo orthu: Cén cineál bia a thaitníonn leat?

Ba cheart go mbeadh an comhrá mar seo:

- Cén cineál bia a thaitníonn leat?
- Is breá liom bia Spáinneach, agus tú féin?
- Is maith liom bia Spáinneach ach b’fhearr liom bia Síneach!
- Bia Síneach!? Ó is fuath liom bia Síneach.

**Bileog 8.2**

Scríobh liosta leis an duine in aice leat de na hócáidí sóisialta ar fad atá ar eolas agaibh a bhaineann le cúrsaí bia.

caife a ól . . .

Cuir ceist ar an duine in aice leat anois ar mhaith leis/léi ceann amháin de na rudaí a luadh a dhéanamh leat anocht! Féach ar na habairtí seo a leanas ar dtús:

- Ar mhaith leat? Ba mhaith/Níor mhaith.
- Ba bhreá liom! Bheadh sé sin go deas.
- Ba bhreá liom ach tá mé ag obair.
- Tá brón orm ach tá mé gnóthach.



'Bheadh' - Cén chuid den ghramadach é seo?

Éist le Ciara ag tabhairt cuirí dá cairde! Cad iad na freagraí a thug siad dá cuireadh?

Cara 1: \_\_\_\_\_

Cara 3: \_\_\_\_\_

Cara 2: \_\_\_\_\_

Cara 4: \_\_\_\_\_

Seo thíos do dhialann don deireadh seachtaine. Roghnaigh dhá leithscéal ón gciorcal agus líon isteach i do dhialann iad. Tá tú saor ag na hamanna eile agus ba mhaith leat casadh le do chuid cairde. Siúil timpeall an ranga agus aimsigh daoine le caife nó deoch a ól leat.

**Tá mé gnóthach  
Tá mé ag staidéar  
Tá mé ag obair  
Tá cuairteoirí agam  
Tá mé ag casadh le duine eile  
Beidh mé as baile  
Beidh mé róthuirseach**

	Maidin	Tráthnóna	Oíche
<b>Dé hAoine</b>			
<b>Dé Sathairn</b>			
<b>Dé Domhnaigh</b>			

### Bileog 8.3



Cuir an comhrá seo atá bunaithe ar thábla a chur in áirithe i mbialann san ord ceart.

- Dé Sathairn ag leathuair tar éis a hocht.
- Ba mhaith liom tábla a chur in áirithe do bheirt, le do thoil.
- Pól Ó Sé, agus is í an uimhir atá agam ná 7689654.
- Beidh sé sin ceart go leor. Tabhair dom d'ainm agus d'uimhir theagmhála, le do thoil.
- Cinnte, cén uair go díreach?

Éist le Pól ag cur tábla in áirithe sa Bhialann in Óstán Ghaoth Dobhair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén oíche atá i gceist?
2. Cé mhéad duine don tábla?
3. Cén t-am?
4. Cén uimhir atá ag Pól?



**Rólghníomhaíocht:** Cuireann custaiméir glao ar an bhialann sa Chultúrlann le tábla a chur in áirithe don oíche sin. Tógann an freastalaí atá ag obair an glao agus glacann sé/sí an áirithint. Tóg féin agus an duine in aice leat sealanna ag glacadh Ról A agus Ról B thíos chun an rólghníomhaíocht a dhéanamh. Déanaigí iarracht cur leis an méid atá thíos.

<b>Ról A – An Custaiméir</b>	<b>Ról B - An Freastalaí</b>
Tá tú i mBéal Feirste don lá le do mháthair agus ba mhaith leat do dhinnéar a ithe sa Chultúrlann sa chathair. Ba mhaith leat cruinniú a shocrú ansin chomh maith amach anseo.	Is tusa an freastalaí a fhreagraíonn an guthán. Tá spás agaibh sa bhialann an oíche sin. Tabhair an seoladh don chustaiméir. Maidir le cruinnithe etc. abair leis an chustaiméir dul i dteagmháil le Lára.

**Cultúrlann McAdam Ó Fiaich,  
216 Bóthar na bhFál**



**Páirceáil**

Tá páirceáil ar fáil ar na sráideanna thart fán ionad.  
Is ionad inrochtana í an Chultúrlann.

**Ionad Comhdhála**

Tá an Chultúrlann ar fáil don phobal mar ionad cruinnithe/comhdhála.

**Déan teagmháil le Lára ag**

028 9096 4180 nó ag: [oifigfaihte@culturlann.ie](mailto:oifigfaihte@culturlann.ie)

## Bileog 8.4 Ag Ordú Bia – Réamhobair

Ag obair leis an duine in aice leat scríobh amach na ceisteanna as Gaeilge a chuirfeá ar fhreastalaí agus ar an duine atá ag ithe leat i mbialann. Tá cúpla sampla déanta daoibh.



- An bhfuil tábla agat do bheirt, le do thoil?
- Céard a bheidh agat?
- Ar mhaith leat milseog?

Anois ag obair le chéile arís scríobhaigí amach an bia ar fad atá le feiceáil sna pictiúir thíos:



### Ag Ordú Bia Rólghníomhaíocht

1. Bíodh triúr agaibh ag obair le chéile (beirt ag ithe béile agus duine mar fhreastalaí).
2. Tabharfaidh an múinteoir biachlár daoibh.
3. Is é an *scenario* ná go bhfuil beirt chairde ag iarraidh dinnéar a ithe. Siúlann siad isteach i mbialann agus deir an freastalaí go mbeidh tábla réidh ar ball.
4. Bíonn béile trí chúrsa ag an bheirt. Caithfidh siad an béile a ordú agus caithfidh an freastalaí déileáil leo.

Duine 1: An freastalaí. Beidh tábla saor agat i gceann 10 nóiméad.

Duine 2: Tá tú sa bhialann le cara leat. Is feoilseántóir tú agus ní ólann tú alcól. Bhí an slaghdán ort le seachtain anuas agus tá tú fuar.

Duine 3: Tá tú sa bhialann le cara leat. Seo an bhialann is fearr leatsa, tusa a shocraigh teacht anseo. Is breá leat gach saghas bia ach ní réitíonn cnónna leat ar chor ar bith, éiríonn tú an-tinn má itheann tú iad. Is breá leat fíon dearg.

**Bileog 8.4****Ag Ordú Bia - An Biachlár**

**Cultúrlann** Cultúrlann McAdam Ó Fiaich,  
216 Bóthar na bhFál

**Biachlár - Luan go Satharn 2:00 - 8:00in**

Trosca i bhfuidreamh	£5.95
Lasagne Mairteola	£5.95
Brollach Sicín Friochta - le súlach nó le hanlann piobair	£5.95
<b>Burgar</b>	
- coitianta	£4.50
- le cáis	£4.70
- le cáis & bagún	£4.95
- filléid shicín	£4.95
<b>Stéig ghasta - le súlach nó anlann piobair</b>	£6.95
<b>Brat tortilla</b>	
- le Sicín Meicsiceach	£4.95
- le Glasraí na Meánmhara	£4.50
<b>Rogha Painíní</b>	£4.50
Sceallóga nó sailéad á riar leo seo uilig	
<b>Pizza</b>	
- An Chéad Chloch	£4.50
- An tOileánach	£4.95
- Cré na Cille	£4.95
<b>Milseoga agus Deochanna</b>	
Císte Cairéid	£2.20
Císte faoiste seacláide	£2.20
Mionbhuar Úill - arna riar le huachtar reoite, le huachtar nó le custard	£2.20
Taosráin Danmhargach	£1.20
Bocairí	£1.20
Sconóga	60p
Fíon dearg/Fíon bán an tí	
Buidéal	£14.00
Gloine	£3.50

**Bileog 8.5**

Tá tú féin agus beirt chara leat ag dul go Ciarraí ag freastal ar chúrsa Gaeilge ansin. Tá teach ar cíós agaibh agus caithfidh sibh an tsiopadóireacht a dhéanamh roimh ré. Ag obair le chéile scríobhaigí cad é an dinnéar a bheidh agaibh gach lá sa bhosca thíos:

<b>Dé Luain:</b>	_____
<b>Dé Máirt:</b>	_____
<b>Dé Céadaoin:</b>	_____
<b>Déardaoin:</b>	_____
<b>Dé hAoine:</b>	_____



Anois scríobhaigí liosta de na haidiachtaí a chuireann síos ar bhia.



Cad iad na hathruithe a thagann ar aidiacht tar éis *an-* agus *ró*?

D'fhan tú le d'aintín an tseachtain seo caite. Is breá léi a bheith ag cócaireacht ach ní bhíonn na béilí chomh maith sin i gcónaí. Chuir tú téacs chuig do chara gach tráthnóna ag déanamh cur síos ar na béilí. Seo iad do chuid téacsanna thíos. Roghnaigh an béile ón gciorcail a oireann do gach téacs. An aontaíonn an duine in aice leat?

Pióg Úill

Chicken Royale

Stobhach

Curaí glas

Stéig agus sceallóga



1. Bhí an \_\_\_\_\_ againn anocht. Bhí sé i bhfad ró-uisciúil agus ní raibh go leor salainn ann!

2. Buíochas le Dia go bhfuair muid greim gasta anocht. Bhí sé go blasta! Chuir sí \_\_\_\_\_ san oigheann.

3. Dia ár sábháil! Ní féidir praiseach a dhéanamh de \_\_\_\_\_! Ní chreidfeá ach bhí an fheoil i bhfad ? ródhéanta!

4. Bhí an príomhchúrsa go breá anocht ach dá bhfeicfeá an mhilseog – bhí an \_\_\_\_\_ dóite ar fad ar fad.

5. Ní raibh cailleadh ar an \_\_\_\_\_ anocht. Bhí sé blasta ceart go leor. An t-aon rud amháin ná go raibh an iomarca cillí ann. Bhí sé an-spíosrach ar fad.



**Bileog 8.6**

Beidh tú ag léamh sleachta as alt faoi chúrsaí bia ar ball. Sula léann tú an sliocht déan féin agus an duine in aice leat na nathanna Gaeilge sa cholún ar chlé a cheangal leis na nathanna Béarla sa cholún ar dheis. Tá na nathanna ar fad le feiceáil sa sliocht.

cúis	that they wanted
a gcuid nósanna féin	it didn't take long
an ceann ba shuntasáí	which contain nothing else
a bhí uathu	south-east Asia
thosaigh siad á bhfás	destruction
níor thug sé mórán achair	their own customs
bia den scoth	the most noticeable one
réabadh	spices of their own
oircheisceart na hÁise	excellent food
na sluaite	reason
spíosraí dá gcuid féin	big numbers of people
nach bhfuil tada eile iontu	they started growing them

## Blas eile ar an saol Le Dáithí Ó Colchúin

Anois léigh an t-alt seo os ard leis an duine in aice leat – an dtuigeann sibh é?



Ceann de na hathruithe móra atá tarlaithe san Astráil ó lár an chéid seo caite ná an t-athrú atá tagtha ar chúrsaí bia.

Ach an oiread le hathruithe eile, bhí cúis leis an gceann seo. Bhain sé leis na daoine a tháinig anseo ón Dara Cogadh Domhanda i leith. Tháinig na sluaite as deisceart, lár agus oirthear na hEorpa agus thug siad leo a gcuid nósanna féin maidir le go leor rudaí ach

ba é an bia an ceann ba shuntasáí.

Thug siad leo a gcuid bia agus mura raibh na glasraí nó pé rud eile a bhí uathu le fáil anseo, thosaigh siad á bhfás. Ba ghearr go raibh siad le fáil sna margaí agus sna siopaí. D’oscail cuid acu bialanna agus níor thóg sé mórán achair go bhfaca an pobal go raibh bia den scoth le fáil ar phraghas réasúnta cé nárbh é an bia a raibh taithí acu air é go minic. Bhí “blas eile“ ar an saol.

Tharla an cleas céanna sna seachtóidí nuair a tháinig deireadh leis an réabadh in oirdheisceart na hÁise agus thug na sluaite as an gcuid sin den domhan a n-aghaidh ar an Astráil. Bhí spíosraí dá gcuid féin acu agus cé nach raibh siad le fáil go héasca ar dtús tá sé sin athraithe anois agus bia Áiseach le fáil sna hollmhargaí agus, sna cathracha, siopaí nach bhfuil tada eile iontu ach bia Áiseach.

**Bileog 8.7**

Tá cuid mhór nathanna cainte agus seanfhocail faoi chúrsaí bia sa Ghaeilge. Ag obair leis an duine in aice leat ceanglaígidís an leagan Béarla de na seanfhocail seo thíos leis an leagan Gaeilge. Baineann siad go léir le cúrsaí bia agus dí.

1. An té a bhíonn amuigh, fuaraíonn a chuid.
2. Bíonn blas ar an mbeagán.
3. Is fearr bia ná ciall.
4. Nuair a imíonn an leann imíonn an greann.
5. An té a bhfuil builín aige gheobhaidh sé scian lena ghearradh.
6. Bíonn blas milis ar phraiseach na gcomharsan.
7. Is maith an t-anlann an t-ocras.
8. Níor líon beannacht bolg riamh.
9. Saol fada agat, gob fliuch, agus bás in Éirinn.
10. Sláinte na bhfear, agus go mairfidh na mná go deo.

<b>1</b>	<b>e</b>

- (a) The man who has a loaf will get a knife to cut it.
- (b) Food is better than sense.
- (c) A long life, a wet beak and death in Ireland.
- (d) Hunger is a good sauce.
- (e) The one who is out, his food gets cold.
- (f) The joke is over when the drink is finished.
- (g) A blessing never filled a belly.
- (h) Health to the men and may the women live for ever.
- (i) A little of anything is tasty.
- (j) The neighbours gruel tastes sweet.

Anois déan plé leis an duine in aice leat ar na hamanna a d’úsáidfeá na seanfhocail éagsúla seo!

An bhfuil aon nathanna cosúil leis na nathanna cainte sa bhosca glas i do theanga dhúchais féin?

Éist le Ciara anois ag déanamh cur síos dá deirfiúr Clár faoin mbéile a bhí aici ag an deireadh seachtaine. Cad a deir sí faoi na rudaí seo thíos?

na freastalaithe                    an t-atmaisféar                    an bia                    an praghas